RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/141 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Feabhra 2021

lena gcuirtear síneadh leis an maolú ó Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar iascaireacht os cionn gnáthóga faoi chosaint, an fad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara le haghaidh na dtrálaer "gangui" a bhíonn ag iascaireacht in uiscí teorann áirithe na Fraince (Provence-Alpes-Côte d'Azur)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistithe i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(5) agus Airteagal 13(5) agus (10) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 cuirtear toirmeasc ar iascaireacht le tráil, dreidirí, peaslínta saighne, saighní báid, saighní cladaigh nó línta dá samhail os cionn ceapacha d'fhéar mara *Posidonia oceanica*, go háirithe, nó fanaragaim mhara eile.

(2) Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún maolú ar Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíonfar roinnt coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(5).

(3) Le hAirteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, cuirtear toirmeasc ar úsáid trealaimh iascaireachta tarraingthe laistigh de 3 mhuirmhíle amach ón gcósta nó laistigh den iseabat 50 m i gcás ina mbaintear amach an doimhneacht sin níos giorra don chósta.

(4) Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún maolú ar Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíonfar roinnt coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(5) agus (9).

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 586/2014 ón gCoimisiún ([2]) deonaíodh den chéad uair maolú ar Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus Airteagal 13(1) agus (2) de chun trálaeir "gangui" a úsáid in uiscí teorann áirithe na Fraince (Provence-Alpes-Côte d'Azur). Bhí an maolú sin i bhfeidhm go dtí an 6 Meitheamh 2017.

(6) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/693 ón gCoimisiún ([3]) tugadh síneadh ar an maolú sin ón 11 Bealtaine 2018 go dtí an 11 Bealtaine 2020.

(7) An 25 Deireadh Fómhair 2019, fuair an Coimisiún iarratas ón bhFrainc chun síneadh 3 bliana a chur leis an maolú. An 3 Nollaig 2020, d'athbhreithnigh an Fhrainc an t-iarratas agus iarradh síneadh 2 bhliain ina ionad. Chuir an Fhrainc faisnéis agus sonraí eolaíocha ar fáil chun údar a thabhairt le hathnuachan an mhaolaithe, lena n-áirítear tuarascáil cur chun feidhme ar an bplean bainistithe a ghlac an Fhrainc an 13 Bealtaine 2014 ([4]) i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, mapáil nuashonraithe ar cheapacha d'fhéar mara *Posidonia oceanica* sa limistéar a chumhdaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/693 agus tuarascáil cur chun feidhme ar na bearta treisithe rialaithe agus faireacháin.

([1]) IO L 36, 8.2.2007, lch. 6.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 586/2014 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2014 lena maolaítear ó Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar iascaireacht os cionn gnáthóga faoi chosaint agus an fad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara le haghaidh na dtrálaer "gangui" a bhíonn ag iascaireacht in uiscí teorann áirithe na Fraince (Provence-Alpes-Côte d'Azur) (IO L 164, 3.6.2014, lch. 10).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2018/693 ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2018 lena mbunaítear an maolú ó Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar iascaireacht os cionn gnáthóga faoi chosaint, an fad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara le haghaidh na dtrálaer "gangui" a bhíonn ag iascaireacht in uiscí teorann áirithe na Fraince (Provence-Alpes-Côte d'Azur) (IO L 117, 8.5.2018, lch. 13).

([4]) Arrêté du 13 mai 2014 portant adoption de plans de gestion pour les activités de pêche professionnelle à la senne tournante coulissante, à la drague, à la senne de plage et au "gangui" en mer Méditerranée par les navires battant pavillon français (JORF n° 122, 27.5.2014, p. 8669).

(8) Le linn an 62ú seisiún iomlánach den Choiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) i mí na Samhna 2019 ([5]), rinne STECF measúnú ar an iarratas maidir le síneadh a chur leis an maolú, na sonraí agus na tuarascálacha cur chun feidhme. Tháinig STECF ar an gconclúid go raibh gá sonraí áirithe a chur údaráis na Fraince isteach a fheabhsú, is é sin trí shoiléiriú a thabhairt ar thionchar an trealaimh ar cheapacha *Posidonia* agus trí shonraí gabhála nuashonraithe a thabhairt.

(9) An 10 Feabhra 2020, chuir an Fhrainc sonraí nuashonraithe maidir le comhdhéanamh gabhála agus anailís nua bunaithe ar na sonraí arna dtarchur ag na trasfhreagróirí VMS ('sonraí VMS) atá sna trálaeir "gangui" údaraithe ar fáil don Choimisiún. Leis na sonraí VMS, is féidir fíorachar dromchla *Posidonia* a ndéanann an trealamh sin difear dó a shainiú. San anailís léirítear go ndéanann na trálaeir "gangui" difear do 19,9 % den limistéar atá clúdaithe le ceapacha *Posidonia oceanica* laistigh den limistéar atá faoi chumhdach phlean bainistithe na Fraince agus 7,1 % de cheapacha *Posidonia oceanica* in uiscí teorann na Fraince.

(10) Thairis sin, gheall an Fhrainc staidéar socheacnamaíoch a sheoladh atá ceaptha chun an fhaisnéis ar an iascach seo a fheabhsú, is é sin trí shonraí nuashonraithe maidir le praghsanna a bhailiú, chomh maith le sonraí nuashonraithe maidir le gabháil agus comhdhéanamh gabhála.

(11) Ar deireadh, le foraithne ón bhFrainc ([6]) a foilsíodh i mí Feabhra 2020, íslíodh an uasiarracht iascaireachta incheadaithe ó 200 lá in aghaidh na bliana go 180 lá le haghaidh an trealaimh "grand gangui".

(12) Le linn an 64ú seisiún iomlánach den Choiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) i mí Iúil 2020 ([7]), rinne STECF measúnú ar na sonraí VMS a chur an Fhrainc ar fáil agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh limistéir na gceapacha *Posidonia* a ndearna an trealamh difear dóibh faoi na huasteorainneacha arna mbunú faoi phointí (ii) agus (iii) den chéad fhomhír d'Airteagal 4(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(13) Rinne STECF measúnú ar na sonraí maidir le comhdhéanamh gabhála freisin. Tháinig sé ar an gconclúid nár dhírigh an t-iascach ar cheifileapóid, ós rud é nach bhfuil ach 6 % ar an meán de thoirt iomláin arna ghabháil ina ngabhálacha ceifileapóid, agus gur fíorbheag iad gabhálacha na speiceas a liostaítear faoi Chuid A d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 ([8]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(14) D'admhaigh STECF an iarracht a rinne lucht riaracháin na Fraince an t-iascach "gangui" a bhainistiú agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh na forálacha ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 á gcomhlíonadh ag an bhFrainc lena hiarratas chun síneadh tréimhse eile 2 bhliain a chur leis an maolú.

(15) Baineann an maolú arna iarraidh le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí atá níos giorra ná, nó cothrom le, 12 mhéadar ar fad ar an iomlán agus a bhfuil inneall de chumhacht níos laige ná, nó cothrom le, 85 kW iontu agus a bhfuil líonta a tharraingítear ar an ngrinneall feistithe orthu, rud a dhéantar de ghnáth ar cheapacha *Posidonia oceanica*.

(16) Déanann an t-iascach lena mbaineann difear do níos lú ná 33 % den limistéar atá clúdaithe le ceapacha d'fhéar mara *Posidonia oceanica* laistigh den limistéar atá faoi chumhdach phlean bainistithe na Fraince agus níos lú ná 10 % de cheapacha *Posidonia oceanica* in uiscí teorann na Fraince, i gcomhréir leis na huasteorainneacha faoi phointí (ii) agus (iii) den chéad fhomhír d'Airteagal 4(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(17) Tá srianta sonracha geografacha ann de bharr mhéid theoranta na scairbhe ilchríochaí.

(18) Níl tionchar mór ag an iascach ar an gcomhshaol muirí.

([5]) An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF), *Tuarascáil ón 62ú Cruinniú Iomlánach* (PLEN-19-03), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2019, ISBN 978-92-76-14169-3, doi:10.2760/1597, JRC118961, https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2620849/STECF+PLEN+19-03.pdf/3b331f34-5dee-48d7-b9dc-97d00b5f1f16

([6]) Arrêté du 3 février 2020 modifiant l'arrêté du 13 mai 2014 portant adoption de plans de gestion pour les activités de pêche professionnelle à la senne tournante coulissante, à la drague, à la senne de plage et au "gangui" en mer Méditerranée par les navires battant pavillon français (JORF n° 33, 8.2.2020, texte n° 32).

([7]) An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF), *64ú Tuarascáil Iomlánach* (PLEN-20-02), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2020, https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2684997/STECF+PLEN+20-02.pdf/f9c9718d-bf76-449f-bdef-3c94d4c4132d

([8]) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascach a chaomhnú agus le héiceachórais mhara a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

(19) An maolú a d'iarr an Fhrainc, baineann sé le líon teoranta 17 soitheach, agus astu sin ní raibh ach 10 soitheach gníomhach in 2019. Léiríonn sé sin laghdú 53 % ar iarracht iascaireachta i dtéarmaí líon na soithí údaraithe i gcomparáid le 2014, nuair a ghlacadh plean bainistithe na Fraince.

(20) Díríonn an t-iascach, a úsáideann trálaeir "gangui", ar speicis éagsúla a chomhfhreagraíonn do nideog éiceolaíoch; ní léirítear comhdhéanamh gabhála an iascaigh seo in aon trealamh iascaireachta eile, go háirithe a mhéid a bhaineann le héagsúlacht na speiceas a ghabhtar. Dá bhrí sin, ní féidir an t-iascach a dhéanamh le haon trealamh eile.

(21) Leis an iarratas, cumhdaítear soithí a bhfuil cuntas teiste acu san iascach ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana, atá ag feidhmiú faoi phlean bainistithe na Fraince.

(22) Áirítear na soithí sin ar an liosta a cuireadh in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 13(9) a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(23) Le plean bainistithe na Fraince rathaítear nach dtiocfaidh méadú ar an iarracht iascaireachta, ós rud é nach n-eiseofar údaruithe iascaireachta ach do 17 shoitheach shonracha a bhfuil 838 kW ar an iomlán i gceist leo agus a bhfuil údaruithe iascaireachta acu cheana féin ón bhFrainc. Go sonrach, de réir phlean bainistithe na Fraince, déanfar údarú iascaireachta "gangui" a neamhniú má dhéantar an soitheach lena mbaineann a ionadú nó má théann máistir an tsoithigh ar scor nó má dhíolann sé an soitheach. Dá bhrí sin, tugann an Coimisiún dá aire go rachaidh an t-iascach seo i léig thar thréimhse ama de bharr na forála sin.

(24) Comhlíonann an maolú arna iarraidh Airteagal 8(1)(h) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, arna ionadú ag Airteagal 8(1) agus Roinn I de Chuid B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, ós rud é go mbaineann sé le trálaeir a oibríonn le mogallmhéideanna nach lú ná 40 mm.

(25) Comhlíonann na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann Airteagal 9(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, arna ionadú ag Airteagal 8(1) agus Roinn I de Chuid B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, ós rud é nach n-úsáidtear mogall cearnógach níos lú ná 40 mm i rigín lín "gangui".

(26) Ní chuireann na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann isteach ar ghníomhaíochtaí soithí a úsáideann trealaimh eile ach amháin tráil, saighní nó líonta tarraingthe dá samhail.

(27) Déantar gníomhaíocht na dtrálaer "gangui" a rialú i bplean bainistithe na Fraince lena áirithiú gur fíorbheag iad gabhálacha na speiceas a luaitear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241.

(28) Ní dhíríonn trálaeir "gangui" ar cheifileapóid.

(29) Le plean bainistithe na Fraince, áirítear bearta maidir le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, amhail dá bhforáiltear sa chúigiú fomhír d'Airteagal 4(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus sa tríú fomhír d'Airteagal 13(9) de. Áirítear bearta maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a thaifead freisin, agus ar an gcaoi sin comhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ([9]).

(30) Dá bhrí sin, comhlíonann an maolú arna iarraidh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(5) agus in Airteagal 13(5) agus (9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus ba cheart é a dheonú.

(31) Ba cheart don Fhrainc tuairisciú don Choimisiún i dtráth cuí agus i gcomhréir leis an bplean faireacháin dá bhforáiltear i bplean bainistithe na Fraince.

(32) Ba cheart teorannú a bhunú maidir le fad an mhaolaithe chun bearta bainistithe tapa ceartaitheach a chur i bhfeidhm i gcás go léirítear drochstádas caomhantais na stoc saothraithe sa tuarascáil chuig an gCoimisiún, agus leis sin an bunús eolaíoch a fheabhsú chun plean bainistithe feabhsaithe a chur ar fáil.

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

(33) Ós rud é go ndeachaigh an maolú a deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2018/693 in éag an 11 Bealtaine 2020, chun leanúnachas dlíthiúil a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo le héifeacht ón 12 Bealtaine 2020. Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

(34) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maolú

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír d'Airteagal 4(1), an chéad fhomhír d'Airteagal 13(1) agus Airteagal 13(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 in uiscí teorann na Fraince in aice chósta limistéar Provence-Alpes-Côte d'Azur ar thrálaeir "gangui" a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

(a) ag a bhfuil an chláruimhir dá luaitear i bplean bainistithe na Fraince arna ghlacadh ag an bhFrainc i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006;

(b) ag a bhfuil cuntas teiste san iascach ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana agus lena dtugtar le tuiscint nach mbeidh aon mhéadú sa todhchaí ar an iarracht iascaireachta a cuireadh ar fáil;

(c) ag a bhfuil údarú iascaireachta agus atá ag feidhmiú faoin bplean bainistithe a ghlac an Fhrainc i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

Airteagal 2

Tuairisciú

Faoi mhí an Mheithimh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus faoi mhí an Mheithimh 2021 den chéad uair, cuirfidh an Fhrainc tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, bunaithe ar shonraí eolaíocha agus teicniúla, maidir le cur chun feidhme na mbearta breise rialaithe agus faireacháin agus comhlíonadh na gceanglas i dtaca le deonú an mhaolaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 12 Bealtaine 2020 go dtí an 11 Bealtaine 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN